I ndiaidh an phlaic a chur i láthair, atá suite taobh leis an mbealach isteach stairiúil chuig an gclochar, bhog an slua mór taobh istigh chun freastal ar imeacht ina raibh ceol, drámaíocht, agus cuir i láthair d'Ollscoil Cheatharlach, Pittsburgh agus do Phobal na Trócaire, Ceatharlach. Ba iad na haoichainteoirí an tAthair Caoimhín Ó Néill, Iar-Uachtarán Choláiste Cheatharlach, agus Sr Sheila Carney, a thaistil ó Pittsburgh don ócáid. Chuir daltaí Choláiste Naomh Leon dráma ar siúl bunaithe ar theacht na Siúracha go Pittsburgh. Leis an gceangal atá idir Ollscoil Cheatharlach agus Baile Cheatharlach a aithint, bhronn siad Dochtúireacht Onórach iarbháis ar gach duine den seachtar siúracha. Ghlac na mic léinn leis na teastais seo agus taispeántar iad sa Chlochar.



An tSiúr Shelia Carney, Ollscoil Cheatharlach, leis an Seachtar Siúracha (aithriseoirí staire mic léinn Choláiste Naomh Leon) i ndiaidh gur cuireadh Dochtúireachtaí Onóracha iarbháis Ollscoil Cheatharlach i láthair.

Sheinn Justin Kelly a amhrán faoina dturas agus rinne sé agus a bhanna ceolchoirm a stiúradh an tráthnóna sin in Eaglais Naomh Clár, an Ghráig, a chuimhnigh ar an seachtar siúracha. Rinne iardhalta, an Dr Eimear Cotter, Stiúrthóir Oifig na hInbhuanaitheachta Comhshaoil, Ochtú Léacht Bhliantúil Catherine McAuley a chur i

láthair san imeacht i gColáiste Naomh Leon. Bhronn an Comh. Brian O'Donoghue, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, saothar ealaíne óir agus airgid le Jackie agus Ed Kielty a coimisiúnaíodh go speisialta ar an Sr Carney. Iardhalta é Jackie le Coláiste Naomh Leo. Taispeánfar an saothar ealaíne in Ollscoil Cheatharlach. Bhronn an Dr Séamus Ó Murchú, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, bratach Cheatharlach ar an Sr Carney le cur ar foluain ag Ollscoil Cheatharlach.

Rinne Músaem Chontae Cheatharlach comhordú ar an gceiliúradh. Cuairteoir rialta go hÉirinn agus go Ceatharlach le blianta beaga anuas í an tSiúr Carney agus thug grúpaí mic léinn cuairt ar Éirinn mar chuid dá staidéar. Ba í an tSiúr Veronica McDarby, gaol le John McDarby, Oifigeach Foirne, Músaem Chontae Cheatharlach, duine de na siúracha a thaistil sa bhliain 1843. Tá teagmháil rialta á déanamh ag John leis an tSiúr Carney ar feadh go leor blianta.



I measc na ndaoine a bhí i láthair i rith chur i láthair na plaice ag Clochar Trócaire Naomh Leo, bhí an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne, an Sr Kathleen Kennedy, Siúracha na Trócaire, Ceatharlach, agus an Sr Shelia Carney, Siúracha na Trócaire, Pittsburgh, Pennsylvania. Grianghraf: Paul Curran, Comhairle Contae Cheatharlach.

Ba iad an seachtar siúracha: An Mháthair Frances Warde, an Sr Josephine Cullen, an Sr Philomena Reid, an Sr Elizabeth Strange, an Sr Aloysius Strange, an Sr Veronica McDarby agus an Sr Margaret O'Brien. Bhunaigh siad an chéad Ord Trócaire sna Stáit Aontaithe agus bhunaigh siad roinnt clochair, scoileanna agus ospidéal eile ar fud na Stát Aontaithe. Is féidir obair uile Ord na Trócaire i Meiriceá a rianú siar chuig an seachtar siúracha seo. Rinneadh Ollscoil Cheatharlach de Choláiste Saorealaíon Ord na Trócaire, Pittsburgh, a bunaíodh sa bhliain 1929, in 2004.



Halla plódaithe tionóil Choláiste Naomh Leon agus ceiliúradh comórtha 175 bliain na plaise ar siúl.

Naomh Willibrord:

Rinne an tsraith teilifíse ‘Nationwide’ ar RTÉ, a craoladh Dé Luain, an 12 Feabhra tuairisc a chraoladh ar cheiliúradh Naomh Willibrord 2017. Lean Helen McNerney, tuairisceoir, agus Brian Walsh, ceamradóir, ‘an tSiúlóid le Willibrord’ ó Sheanleithghlinn go Baile Cheatharlach agus bhí píosáí áille scannáin ann den chontae, go háirithe Abhainn na Bearú. Cuireadh agallamh ar roinnt de na rannpháirtithe, idir Éireannaigh agus Lucsamburgaigh, na hEaspag Burrows agus Nulty, an Ró-Oirmhinneach John Cummins, Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, agus an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín. Chuir gach duine léargas an-dearfach ar fáil ar na himeachtaí agus ar an gcomhoibriú idir Contae Cheatharlach agus Echternach. Dheimhnikh RTÉ gur fhéach breis agus 359,000 duine ar an gclár.

Seoladh an leabhar ‘Re-discovering St. Willibrord, Patron Saint of Luxembourg, First Apostle of the Netherlands and his County Carlow Connection’ le Dermot Mulligan leis an Ollamh Dáibhí Ó Cróinín agus Pierre Kauthen i gColáiste Cheatharlach, Dé Céadaoin, an 6 Meitheamh. Sheol an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, an Roinn Staire, OÉ, Gaillimh, an leabhar, a scríobh an chéad uair faoin gceangal seo le Ceatharlach sa bhliain 1982. Tugtar cuntas sa leabhar, atá scríofa i mBéarla, i nGaeilge agus sa Ghearmáinis, ar stair Naomh Willibrord agus sonraítear ann an ceiliúradh stairiúil a thit amach i gContae Cheatharlach agus in Echternach, Lucsamburg i Meitheamh 2017. Seoladh an leabhar cothrom bliain amháin i ndiaidh an lae a bhí grúpa oilithreachta Cheatharlach ag léim ‘sa mhórshiúl léime’ in Echternach. Bhí Banna na Toirbhirte i láthair agus bhí cead speisialta faighte acu ó Fhondúireacht Willibrord chun fonn na léime a sheinm. I dteannta an Ollaimh Uí Chróinín, labhair an Comhairleoir William

Paton, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, an tAthair Conn Ó Maoldomhnaigh, Uachtarán Choláiste Cheatharlach, na hEaspaig Burrows agus Nulty ag an seoladh, chomh maith.

Foilsíodh an leabhar mar chuid de ‘Bliain Oidhreachtá Cultúrtha na hEorpa’ agus mar chuid de cheiliúradh ‘Bliain na Gaeilge’.

Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach, Fondúireacht Willibrord in Echternach, Deoise Leithghlinne le foilsiú an leabhair trí Thiomnacht Knox agus Deoise Chill Dara agus Leithghlinne.



(Ó chlé) an Ró-Oirmhinneach Tom Gordon, Déan Ard-Eaglais Molaise, Seanleithghlinn; an Ró-Oirmhinneach John Cummins, Mainistir Laoise; an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, an Roinn Staire, OÉ, Gaillimh; an Comhairleoir William Paton, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach; an Ró-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne; Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem, Músaem Chontae Cheatharlach; an Fíor-Oirmhinneach Michael Burrows, Easpag Chaisil, Phort Láirge, Leasa Móire, Fhearna, Osraí agus Leithghlinne; Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Cheatharlach agus an tAthair Conn Ó Maoldomhnaigh, Uachtarán Choláiste Cheatharlach. Grianghraf: Paul Curran, Comhairle Contae Cheatharlach.

Mar chuid den seoladh leabhair, bronnadh na duaiseanna le haghaidh ‘Comórtas Ealaíne Naomh Willibrord’, a bhí urraithe ag Músaem Chontae Cheatharlach, Deoise Chill Dara agus Deoise Leithghlinne. Ó Scoil Náisiúnta Mhuire, Muine Bheag, a bhí an cúigear buaiteoirí go léir agus bhuaigh Davina Than an chéad áit; ba iad na comhbhuaiteoirí sa dara háit: Martha Dolan agus Megan Watkins; ba iad an triúr comhbhuaiteoirí sa tríú háit: Chloe Marshall, Oliver Joynt de Fouw agus David Scanlon. Mar chuid den chomórtas, bronnadh duais dearbhán ealaíne scoile ar luach iomlán €180.00. Ghlac Sylvia Eades, Príomhoide na Scoile, leis seo thar ceann na scoile. Bhronn na hEaspaig Burrows agus Nulty agus an Comhairleoir William Paton,

Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach agus an Dr Séamus Ó Murchú,
Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, na duaiseanna.


Bhí alt trí leathanach maidir le Naomh Willibrord in eagrán Dé hAoine, an 13 Aibreán 2018 den irisleabhar seachtainiúil agus ar a bhfuil an-tóir, ‘Ireland’s Own’ a scríobh an t-iriseoir Ray Cleere, chomh maith le grianghraif de Thaise Naomh Willibrord á mbronnadh agus tagairt don taispeántas atá ar siúl sa Mhúsaem.

Chuir IT Phort Láirge an Chomhdháil ‘Oilithreacht agus Teacht chun cinn na Turasóireachta Spioradálta’ ar siúl Dé hAoine, an 9 Márta i gcomhar leis an Institiúid Spioradáltachta um Thaighde agus Oideachas (SpIRE). Bhí roinnt príomhchainteoirí idirnáisiúnta sa chomhdháil, anuas ar pháipéir ar an turasóireacht spioradálta in Éirinn. Labhair Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem, faoi thionscadal Naomh Willibrord. Chuir an Músaem, chomh maith le Turasóireacht Cheatharlach agus Coiste Naomh Colmáin, Míseal, seastáin eolais in airde.

Chuir Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem, léacht saor in aisce phoiblí i láthair dar teideal, ‘Naomh Willibrord, Éarlamh Lucsamburg agus a Cheangal le Contae Cheatharlach á Athfhiosrú’ (‘Re-discovering St. Willibrord, Patron Saint of Luxembourg and his County Carlow Connection’) i Leabharlann Bhun Clóidí, Bun Clóidí, Contae Loch Garman, Déardaoin, an 5 Aibreán.

*Re-discovering
St. Willibrord*

*Patron Saint of Luxembourg,
First Apostle of the Netherlands and
his County Carlow Connection*



Carlow's impact on Medieval Europe

*Dermot Mulligan with
Prof. Dáibhí Ó Cróinín
and Pierre Kauthen*

ENGLISH IRISH GERMAN


Ó Déardaoin, an 8 go Dé Domhnaigh, an 11 Samhain, thug St. Jakobus und Johannes Gilde, Emmerich am Rhein, (Gild Naomh Eoin agus Naomh Séamas Dhúiche Réine na Gearmáine) cuireadh do Dermot Mulligan, Coimeadaí an Mhúsaem, chun freastal ar a gcomhdháil inar cuireadh páipéar i láthair faoi Naomh Willibrord agus a cheangal le Contae Cheatharlach. Chaith Naomh Willibrord agus a mhisinéirí am sa cheantar sin agus tá an tionchar a d’imir sé le tabhairt faoi deara go fóill inniu. I ndiaidh teagmháil a dhéanamh le Fondúireacht Willibrord in Echternach, Lucsamburg, thug duine d’eagraithe na comhdhála, an Dr Hans Jürgen Arens, cuairt ar Chontae Cheatharlach agus an Músaem i Meitheamh 2018. Tá cuairt á socrú ag an nGild ar Cheatharlach agus ar Éirinn i Meán Fómhair 2019. Thug Dermot cuairt, chomh maith, ar chathair Utrecht san Ísiltír, áit arbh é Naomh Willibrord chéad Ard-Easpag na cathrach. Arís eile, tá an tionchar a d’imir a mhisean le tabhairt faoi deara go fóill inniu. Tá Ard-Eaglais mhór Anglacánach Naomh Máirtín tógtha ar nó an-ghar do láthair bhun-Eaglais Naomh Máirtín de chuid Naomh Willibrord. Ainmnítear an Eaglais Chaitliceach ón 19ú haois in onóir do Naomh Willibrord agus tá Taise ann de. Tá dealbh chré-umha i ngar don dá Eaglais ar bharr plionta cloiche a léiríonn Naomh Willibrord ar a chapall ar theacht chuig an gcathair dó. Tá roinnt earraí ó thréimhse Naomh Willibrord i Músaem Naomh Cairtróna, ina léirítear stair reiligiúnach na hÍsiltíre. Chas Dermot le foireann agus baill choiste na Cuairte a thug Utrecht, Eaglais Chaitliceach Naomh Willibrord agus Mhúsaem Naomh Cairtróna.



Bronnadh ‘Chéad Duais Chomórtas Ealaíne Naomh Willibrord’: An Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne; an Dr Séamus Ó Murchú, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach; Davina Than, Rang a Sé, Scoil Náisiúnta Mhuire, Muine Bheag; an Comhairleoir William Paton, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, an Fíor-Oirmhinneach Michael Burrows, Easpag Chaisil, Phort Láirge, Leasa Móire, Fhearna, Osraí agus Leithghlinne. Grianghraf: Paul Curran, Comhairle Contae Cheatharlach.

Raonta na Naomh/ Seachtain na hOidhreachta/ Cruinniú Domhanda na dTeaghlach:

Thit Seachtain na hOidhreachta agus Cruinniú Domhanda na dTeaghlach amach i gcaitheamh na seachtaine céanna. Mar chuid d'imeacht Chruinniú Domhanda na dTeaghlach imeacht i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (an RDS), chuir an Músaem anuas ar Thurasóireacht Cheatharlach agus 'Coiste Raonta na Naomh' Coiste seastán in airde. Bhí an seó ar siúl ó Dé Céadaoin, an 22 go dtí Dé hAoine, an 24 Lúnasa agus d'fhreastail go leor daoine air. Anuas ar eolas ginearálta agus bróisiúir a scaipeadh faoin gcontae, bhí stoc den leabhrán a nuashonraíodh agus a foilsíodh le déanaí, 'Carlow Trails of the Saints'. Seoladh leabhrán na raonta i dtosach in 2010 agus bhí an-rath air. Tá san eagrán leasaithe roinnt suíomhanna nua agus eolas nuashonraithe faoi roinnt de naoimh an chontae. Tá an tionscadal á chomhchomhordú ag an Músaem agus ag Turasóireacht Cheatharlach. Mar chuid den seó, rinneadh trí fhíseán nua, ceann amháin do gach raon, a choimisiúnú agus a chur ar scáileán ag an seó. Fuair an tionscadal cistiú ó Chomhpháirtíochta Forbartha Chontae Cheatharlach trí chlár LEADER agus ó Chomhairle Contae Cheatharlach tríd an Músaem agus ó Thurasóireacht Cheatharlach. D'fhreastail líon mór daoine ar an seó agus bhí an seastán gnóthach agus cuireadh go leor ceisteanna orainn. Chas foireann an Mhúsaem ó shin i leith le daoine sa Mhúsaem a bhí ag an seó.



Seoladh an tionscadal 'Raonta na Naomh' sa bhliain 2010 le foilseachán ardchaighdeán, láithreán gréasáin agus aip thiomnaithe ar féidir í a íoslódáil. Rinne an Músaem agus Turasóireacht Cheatharlach comhchomhordú ar an tionscadal. Fochóiste a thuairiscíonn le Comhairle Contae Cheatharlach a bhí i gcoiste an tionscadail agus bhí ionadaithe de roinnt eagraíochtaí oidhreachta ann. Chas an coiste ar a chéile le déanaí den chéad uair le roinnt blianta anuas chun plé a dhéanamh ar na bealaí, an bróisiúir


agus an láithreán gréasáin a nuashonrú, breithniú a dhéanamh ar chomharthaí a chur in airde ar na bealaí agus chun iarratas a ullmhú ar chistiú LEADER.



Aisling O'Halloran, Músaem Chontae Cheatharlach, ag seastán Thurasóireacht Cheatharlach ag Imeacht Chruinniú Domhanda na dTeaghlach san RDS, Baile Átha Cliath.

Seandálaíocht Éireann ('Archaeology Ireland'):

Tá in Eagrán Earrach 2018 de Sheandálaíocht Éireann dhá alt a sheol an Músaem ar aghaidh. Is é an tuairisc ar thaispeántas Árthach Bhaile Bheit (féach an 11ú Tuarascáil Bhliantúil, 2017) an chéad alt agus is é an dara halt ná airteagal ar Naomh Willibrord. Is é Seandálaíocht Éireann an príomhfhoilseachán náisiúnta chun taighde seandálaíochta don phobal i gcoitinne le tríocha bliain anuas a chur chun cinn agus a rochtain.



Taispeántas Palimpsest le Maree Hensey:

Chuir an Músaem an suiteán uathúil ‘Palimpsest’ leis an amharc-ealaíontóir ón gCluain Mhór, Contae Cheatharlach, Maree Hensey ar taispeánt ar feadh mhí iomlán an Mheithimh. D’oscail Nigel Monaghan, Coimeadaí Mhúsaem Stair an Dúlra an taispeántas ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, le tacaíocht ó Artlinks, Dé Luain, an 28 Bealtaine. Fiosraíonn saothar Maree an chuimhne, caillteanas, na rudaí nach eol dúinn, iarsmaí fo-thairseachúla an ama atá imithe thart agus saol daoine na linne seo. Tá na taispeántí seo ar taispeánt i measc na dtaispeántí ag an Músaem agus áirítear leo rudaí ar thángthas orthu timpeall a háite cónaithe sa Chluain Mhór agus léirítear an úsáid a bhaintí astu roimhe seo. Tá na hearraí seo á gcoimeád i bprócaí a úsáideadh tráth dá raibh i Músaem Stair an Dúlra chun roinnt dá n-eiseamail a choimeád.

Mar chuid de Chruinniú na nÓg, chuir an Músaem ceardlann ar siúl inar oibrigh Maree Hensey le Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, Baile Haicéid faoi thaispeántas Maree. Cuireadh an cheardlann ar siúl sa seomra ranga agus sa Mhúsaem araon. De réir dealraimh, seo an chéad uair a d’oibrigh an scoil le healaíontóir. Mar chuid den cheardlann a bhí bunaithe sa seomra ranga, rinne na daltaí go léir saothar ealaíne a taispeánadh ansin sa Mhúsaem d’fhad a dturais.

Dé Máirt, an 26 Meitheamh, chuir Maree caint phoiblí le healaíontóir sa Mhúsaem, inar chuaigh sí faoi agallamh le Emma-Lucy O’Brien, Visual Carlow, faoina gairm bheatha agus a taispeántas sa Mhúsaem.



Carlow
County
Museum



Palimpsest
Exhibition of Work
by Artist Maree Hensey

Installed alongside Museum artefacts
at Carlow County Museum.
Until June 31st 2018

Official opening May 28th at 19:00
by Nigel Monaghan, Keeper
National Museum of Ireland, Dublin


Free Admission
Public talk by the artist June 26th at 19:00

In Partnership with



CARLOW COUNTY MUSEUM PRESENTS
PALIMPSEST
AN EXHIBITION OF WORK BY ARTIST MAREE HENSEY

Maree's work explores memory, loss, the unknown, subliminal and haunting relics of past and present lives. She uses materials that are rich in associations and investigates ways to transform them projecting new identities and layers of meaning onto materials in doing so. The work is curatorial in that it assembles, preserves and documents.



The process is an archaeological investigation, uncovering something to make a different sense of it. The exhibition is an opportunity to rediscover certain aspects of the artist's works in the context of the museum's collections but also to unveil new work created specially for the occasion. For someone unfamiliar with the museum's holdings, it might be difficult to distinguish between the permanent collection and Maree's additions. Maree's work gives a particular and complementary light on the permanent collections, an intimate experience, sublimated by the enchanting setting of the museum.

Free Admission: Visit us & see what you're missing.
Opening Hours:
September to May: Monday - Saturday 10.00am - 4.30pm
June - August: Monday - Saturday 10.00am - 5.00pm
Sundays & Banks Holidays 2.00pm - 4.30pm

Carlow County Museum, College Street, Carlow Town, R93 E3T2
Telephone: 059-9131554 Email: museum@carlowcoco.ie

Facebook Logo: Carlow County Museum
Twitter/Instagram logos: @carlowcountymus

Carlow County Museum is operated by Carlow County Council in association with the Carlow Historical & Archaeological Society.

Cúrsa Staire Áitiúla Choláiste Cheatharlach:

Cuireadh cúrsa staidéir ar siúl i gColáiste Cheatharlach ar stair áitiúil agus béim ar fhoinsí eolais áitiúil i gContae Cheatharlach. Thug an Coláiste cuireadh do roinnt eagraíochtaí chun léachtaí a chur i láthair mar chuid den chúrsa. Cuireadh léacht i láthair Déardaoin, an 1 Márta sa Mhúsaem faoi ról an Mhúsaem agus ar a ról sa tseandálaíocht mar Mhúsaem Ainmnithe.

Comórtas Tionscadal Staire na Scoileanna Náisiúnta:

Cuireadh searmanas bronnta duaiseanna ‘Comórtas Tionscadal Staire na Scoileanna Náisiúnta’ de chuid Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach ar siúl sa Mhúsaem Déardaoin, an 22 Márta. Bhí an comórtas staire ar oscailt do gach dalta i rang a cúig agus a sé a chónaíonn i gContae Cheatharlach nó a fhreastalaíonn ar scoil ann.

Ba é Matthew Ellis, a fhreastalaíonn ar Scoil Náisiúnta Cheatharlach, Green Road, Baile Cheatharlach, a bhain an duais ab fhearr i mbliana lena thionscadal faoi *Ospidéal Naomh Damhnait*. Bhuaigh Helena Cranny ó Scoil Náisiúnta Bhalana an dara háit lena tionscadal faoi *Ceatharlach agus an Gorta*. Bronnadh an tríú háit ar Eva Jones ó Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillín lena tionscadal faoi *Tobar Forchern*. Fuair Aisling Kearns ó Scoil Náisiúnta Bhalana ardmholadh ó na moltóirí maidir lena tionscadal faoi *Caisleán Bhaile Muáin*. Taispeánadh na hiontrálacha buaiteacha go léir seo ar feadh na bliana sa Mhúsaem.

Turas Eolais:

Eagraíonn Turasóireacht Cheatharlach turas bliantúil eolais d’oibreoirí agus d’fhoireann turasóireachta ón gcontae. I gcaitheamh lae, tugann siad cuairt ar oibríochtaí éagsúla turasóireachta ar fud an chontae. Chríochnaigh thart ar dháichead duine a dturas i ndiaidh dóibh cuairt a thabhairt ar an Músaem Déardaoin, an 10 Bealtaine, áit ar cuireadh eolas ar fáil dóibh faoinár seirbhísí agus faoin méid a chuirtear ar fáil do chuirteoirí nuair a thugann siad cuairt.

Bosca Litreach Stairiúil An Post goidte ó Chill Fhoirtcheárnáin:

Tá An Post, Músaem Chontae Cheatharlach agus staraithe áitiúla trína chéile i ndiaidh gur goideadh bosca poist le déanaí nach bhfuil á úsáid ó bhalla ag Cill Fhoirtcheárnáin i nDeisceart Chontae Cheatharlach. Ní raibh úsáid rialta á baint as an mbosca poist stairiúil ar feadh tréimhse ama agus, a bhuíochas le tionscnamh CHAS, bhí sé beartaithe ag An Post le déanaí chun é a bhaint agus a bhronnadh ar iasacht fhadtéarmach ar Mhúsaem Chontae Cheatharlach. Nuair a tháinig an conraitheoir i láthair i lár mhí Lúnasa chun an obair a dhéanamh, chonacthas dó go raibh an bosca bainte cheana féin ag gadaithe ón mballa timpeall air. Dheimhnigh foireann an Mhúsaem a thug cuairt ar an suíomh go raibh an bosca poist ann Dé Máirt, an 24 Iúil 2018. Chuir An Post na Gardaí ar an eolas ar an robáil agus má tá aon eolas ag duine ar bith faoin áit a bhfuil sé, déan teagmháil, le do thoil, leis na Gardaí.



Grianghraif a tógadh de Bhosca Poist Chill Fhoirtchearnáin sular goideadh agus i ndiaidh gur goideadh é.

Cuairt ag Ambasadóir na Beilge:

Chuir Músaem Chontae Cheatharlach agus Ard-Eaglais na Deastógála fáilte roimh a Shoilse, Pierre-Emmanuel de Bauw, Ambasadóir na Beilge le hÉirinn, Dé hAoine, an 31 Lúnasa. I ndiaidh gur thug an Músaem cuireadh dó, thug an tAmbasadóir de Bauw cuairt ar an dá láthair chun eolas a fháil faoin gceangal atá ag Naomh Willibrord leis an mBeilg mar gheall go raibh an Bheilg i measc na seacht dtír ar thug sé cuairt orthu le linn an mhisin a rinne sé sa seachtú haois agus mar gheall go bhfuil cráifeacht ann go fóill inniu ina leith.

Bhí lúcháir ar an Ambasadóir de Bauw, chomh maith, naisc stairiúla eile idir an Bheilg agus Contae Cheatharlach a thabhairt faoi deara, is é sin, an iarphuilpid ón Ard-Eaglais a thaispeántar anois sa Mhúsaem, an Mhonarcha Shiúcra a d'fhorbair an chuideachta Lippens ón mBeilg agus bhí gliondar croí air nuair a cuireadh ar an eolas é go léirítear onóir sa chontae ar na saighdiúirí ón gcontae a maraíodh sa Chéad Chogadh Domhanda i gcuimhneachán i Leithghlinn an Droichid atá bunaithe ar dhearadh Gheata Menin, Ypres sa Bheilg.



Fáilte á cur roimh a Shoilse, Pierre-Emmanuel de Bauw, Ambasadóir na Beilge le hÉirinn, chuig Músaem Chontae Cheatharlach ag (ó Chlé) an Dr Séamus Ó Murchú, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaem, an tAmbasadóir de Bauw, Pat Delaney, Leas-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach, Bernie O'Brien, Stiúrthóir Seirbhísí agus an Comhairleoir Brian O'Donoghue, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach.

Mar chuid de chuairt an Ambasadóra, d'fhreastail sé ar chruinniú leis an gComhairleoir Brian O'Donoghue, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach; Pat Delaney, Leas-Phríomhfheidhmeannach, Bernie O'Brien, Stiúrthóir Seirbhísí agus Kieran Comerford, Príomhoifigeach Fiontraíochta.



Bronntanas á bhronnadh ag an Dr Séamus Ó Murchú, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach ar a Shoilse, Pierre-Emmanuel de Bauw, Ambasadóir na Beilge le hÉirinn.

Oíche an Chultúir:

Chuir an Músaem tús le gníomhaíochtaí Oíche an Chultúir sa bhaile le “Turas Treoraithe” timpeall an Mhúsaeim, turas idirghníomhach dátheangach treoraithe timpeall an Mhúsaeim, ina ndearnadh na déantáin a láimhseáil faoi mhaoirseacht an 20 Meán Fómhair. Nuair a críochnaíodh an turas, tugadh na cuairteoirí chuig Leabharlann Chontae Cheatharlach chun leanúint lena n-imeachtaí de chuid Oíche an Chultúir.

Dámhachtainí Gnó Cheatharlach 2018:

Cuireadh an Músaem ar an ngearrliosta le haghaidh An Fhéile nó an tEispéireas Turasoireachta is Fearr i nDámhachtainí Gnó Cheatharlach 2018 de chuid Chumann Tráchtála Chontae Ceatharlach. Cuireadh an t-imeacht ar siúl in Visual Déardaoin, an 27 Meán Fómhair. Bhuaigh Féile Scríbhneoireachta agus Smaointe na Buiríse an chatagóir.

Bliain na Gaeilge:

ainmníodh 2019 mar ‘Bliain na Gaeilge’ chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom 125 bliain ó bunaíodh Conradh na Gaeilge. Thit go leor imeachtaí amach ar fud na tíre chun an ócáid seo a cheiliúradh. Mar chuid de ‘Féile an Fhómhair’ de chuid Ghlór Cheatharlach i nDeireadh Fómhair, shocraigh Glór Cheatharlach agus an Músaem go ndéanfadh an tOllamh Pádraig Ó Macháin, Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), léacht a chur i láthair ar stair na Gaeilge i mBaile Cheatharlach agus an ról a bhí aici i ngluaiseacht an neamhspleáchais. Cuireadh an léacht ar siúl maidin Dé Sathairn, an 6 Deireadh Fómhair i Halla Cobden i gColáiste Cheatharlach. Chuir sé a léacht i láthair, den chuid ba mhó, i nGaeilge, agus bhí aistriúchán comhuaineach á chur ar fáil trí fhearais chinn.



An tOllamh Ó Macháin (ar dheis) i dteannta ball dá theaghlach agus John McDarby, Músaem Chontae Cheatharlach, Bríde de Róiste, Glór Cheatharlach agus an fhile Deirdre Brennan i gColáiste Cheatharlach.

Seachtain na Gaeilge:

Rinne Glór Cheatharlach Seachtain na Gaeilge a chomhordú go háitiúil agus bhí sé ar siúl ón 1 go dtí an 17 Márta. Cuireadh turas teoraithe trí Ghaeilge ar siúl timpeall ar dhánlanna an Mhúsaem Dé Céadaoin, an 7 Márta.

An Ciorcal Gaeilge:

Cuireadh Ciorcal Gaeilge Mhaidin Dé Céadaoin ar siúl i rith an téarma scoile sa Mhúsaem a d’eagraigh Glór Cheatharlach. Ghlac an Ciorcal páirt Dé Céadaoin, an 10 Deireadh Fómhair, sa Chomhrá ar líne, tionscnamh de chuid Sheachtain na Gaeilge chun comhrá i nGaeilge a dhéanamh ar feadh seachtain iomlán ar fud an domhain!



Taitneamh á bhaint ag baill de Ghlór Ceatharlach as cupán tae sa Mhúsaem.

Féile Mensana 2018:

Mar chuid d’Fhéile Mensana bhliantúil Chumann Meabhairshláinte Cheatharlach, chuir an Músaem turas siúil ar bun timpeall an bhaile Dé Sathairn, an 13 Deireadh Fómhair. In ainneoin na drochaimsire, ghlac breis agus tríocha duine páirt. Thosaigh an turas sa Mhúsaem agus stopadh lasmuigh den Ard-Eaglais agus de Choláiste Cheatharlach; an Teach Cúirte, Margadh an Fhéir, Caisleán Cheatharlach, Droichead Burren, Crann na Saoirse agus an Príosún. Cuireadh deireadh leis an imeacht le ‘cupán tae’ i gCaifé Neighbourhood ar Shráid na Beairice. Ba é an cuspóir go gcuirfeadh daoine aithne ar a dtimpeallacht agus casadh le daoine eile chun comhrá a bheith acu leo fad a ghabh an turas timpeall an bhaile.



Turas siúil Fhéile Mensana timpeall Bhaile Cheatharlach á stiúradh ag Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim.

Seó na nDaoine os cionn 50:

Thit Seó na nDaoine os cionn 50 bliain d’aois amach san RDS, Baile Átha Cliath, ó Dé hAoine, an 19 go dtí Dé Domhnaigh, an 21 Deireadh Fómhair. D’fhreastail foireann an Mhúsaeim ar an seó Dé hAoine, an 19 mar chuid de sheastán Thurasóireacht Cheatharlach. I láthair i rith an tseó bhí dhá phreabsheastán faoin Músaeim, bróisiúir an Mhúsaeim, taispeántas Naomh Willibrord agus leabhráin Raonta Naoimh Cheatharlach ina measc. Cosúil le Seó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach, bhí físeáin de Raonta Naoimh Cheatharlach á gcur ar scáileán mór ag an seastán. Cé nár fhreastail líonta móra daoine ar an seó, cuireadh go leor ceisteanna agus taispeánadh go leor suime ann. Thug roinnt cuairteoirí cuairt ar an Músaeim, chomh maith!

Éire Ildánach:

Sheol an Comhairleoir Brian O’Donoghue, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, ‘Cultúr agus Cruthaitheacht Cheatharlach 2018-2022 de chuid Éire Ildánach’ in Ionad Acmhainní Forward Steps, an Tulach. Tá ceithre thosaíocht straitéiseacha sa phlean, 1) Daoine, Smaointe agus Pobail a Cheangal; 2) Contae Cheatharlach a Cheiliúradh; 3) Thodhchaí na nÓg a Shaothrú; 4) Stair agus Oidhreacht Chontae Cheatharlach a Chaomhnú. Tá an straitéis mar chuid de phlean náisiúnta Éire Ildánach a chomhordaíonn na húdaráis áitiúla ar leibhéal áitiúil agus is é an phlean a leanann clár Éire 2016. Tá clár Éire Ildánach á chomhordú go háitiúil ag Oifig Ealaíon Cheatharlach.

Scarefest:

Thit Féile Oíche Shamhna Scarefest amach ó Dé hAoine, an 26 Deireadh Fómhair go dtí Dé Domhnaigh, an 4 Samhain. Rinne foireann an Mhúsaeim ‘Turas Siúil Lucinda Sly’ timpeall an bhaile a stiúradh, a thosaigh ón Músaeim ag 3.30pm. Rinneadh imeacht Shamhain 1834 a thabhairt chun cuimhne sa turas nuair a dúnmharaíodh Walter Sly ag an Droim, Seanleithghlinn. Fuarthas a bhean chéile, Lucinda, anuas ar a searbhónta, John Dempsey, ciontach ina dhúnmharú agus cuireadh chun báis go poiblí an bheirt acu i Márta 1835 ag Príosún Cheatharlach, áit a bhfuil Ionad Siopadóireachta Cheatharlach suite anois. Ba í Lucinda an bhean dheireanach a rinneadh a chrochadh go poiblí sa bhaile. Tosaíodh an turas sa Mhúsaeim, faoi chomhla thógála na croiche ó Phríosún Cheatharlach. Stop an turas ag Cearnóg an Seamróige, Margadh na bPrátaí, Lána Bridewell, Halla Deighton agus Príosún Cheatharlach. Cuireadh deireadh leis an turas tríd an deis a thabhairt do chuariteoirí chun féachaint ar chillín na bpríosúnach a bhí daortha chun báis agus an seastán os cionn bhealach isteach an Phríosúin, áit ar cuireadh daoine chun báis.



(Ar chlé) John McDarby, Oifigeach Foirne, Músaeim Chontae Cheatharlach, ag seasamh ag láthair na croiche ag Príosún Cheatharlach (tá Ionad Siopadóireachta Cheatharlach suite ann anois).

(Ar dheis) Tom Kinsella, Ionad Siopadóireachta Cheatharlach, agus doras chillín na ndaoine a bhí daortha chun báis i bPríosún Cheatharlach á choimeád ar oscailt aige.

Cuimhneachán ar an gCéad Chogadh Domhanda:

Cuireadh cuimhneachán Chontae Cheatharlach ar an gCéad Chogadh Domhanda ar siúl Dé Domhnaigh, an 11 Samhain, ag an gcuimhneachán uile-chontae i Leithghlinn an Droichid. Rinne Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach an t-imeacht a chomhordú mar chuid de chlár cuimhneachán Chomhairle Contae Cheatharlach. Chabhraigh foireann an Mhúsaeim ag an imeacht trí chomhordú a dhéanamh ar na

hainmneacha go léir atá greanta ar an gcuimhneachán a léamh amach ag na leanaí bunscoile go léir a dhéanann ionadaíocht do scoileanna ó áiteanna fud fad na tíre.

Thit cuimhneachán Bhaile Cheatharlach ar an gCéad Chogadh Domhanda amach Dé Domhnaigh, an 18 Samhain ag Halla an Bhaile, áit ar cuireadh plaic i láthair. Chabhraigh foireann an Mhúsaem ag an imeacht agus ghníomhaigh sé mar Mháistir Searmanas, chomh maith leis sin.

Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil (LAMN):

Tugadh cuireadh don LAMN Dé hAoine, an 14 Nollaig chun cur i láthair a dhéanamh le Comhchoiste an Oireachtais um Chultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht (CCO). Rinne Liam Bradley, Cathaoirleach Mhúsaem Chontae Mhuineacháin, agus Judith McCarthy, Leas-Chathaoirleach Mhúsaem Chontae Dhún na nGall, an cur i láthair a stiúradh. Iarradh ar Ard-Mhúsaem na hÉireann, Cumann Músaem na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta chun cuir i láthair ar leith a dhéanamh ar an lá céanna. Thug CCO cuireadh d’eagraíochtaí ionadaíocha an mhúsaem chun cur i láthair a dhéanamh faoi obair na músaem réigiúnach agus a dtodhchaí. Rinneadh na himeachtaí seo a shruthú beo ar Oireachtas TV.



Baill den LAMN i gcuideachta na foirne ó Ard-Mhúsaem na hÉireann, an Chomhairle Oidhreachta Cumann Músaem na hÉireann i ndiaidh chruinniú CCO i dTeach Laighean.
Grianghraf: Lynn Scarff, Ard-Mhúsaem na hÉireann.


Cuairt ag Ambasadóir na hUngáire:

Thug a Shoilse István Pálffy, Ambasadóir na hUngáire le hÉirinn, cuairt ar an Músaem mar chuid dá chuairt ar Bhaile Cheatharlach, a chuir an Oifig Fiontair Áitiúil ar siúl Dé hAoine, an 23 Samhain.



Alicia Premkumar:

Ceapadh Alicia Premkumar, dalta Idirbhliana i gColáiste Naomh Leon, mar Oifigeach Idirchaidrimh For-Rochtana Eolaíochta (seaimpín eolaíochta áitiúil) le hoifigeach idirchaidrimh (áitiúil eolaíocht seaimpín) le Science Culture Ireland. Tá spéis mhór ag Alicia sa timpeallacht agus tá an t-eolaí ón 19ú haois déag ó Cheatharlach, John Tyndall, ar dhuine de na daoine a chuaigh i gcion uirthi. Chun onóir a léiriú ar a héacht, bhronn an Músaem cóip de bheathaisnéis nua de John Tyndall a scríobh Roland Jackson ar Alicia.



Líonta na gCuariteoirí:

Mheall an Músaem 24,036 cuairteoir ó Eanáir go Nollaig 2018. Ní chuirtear san áireamh ann seo cuairteoirí a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí an Mhúsaeim faoin spéir, ar nós iad siúd a dtugtar cuntas orthu sa tuarascáil seo.

Foireann an Mhúsaeim:

Chuir an Músaem fáilte roimh bheirt chomhaltaí nua i rith 2018. Tá beirt foirne lánaimseartha ag an Músaem, Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, agus John McDarby, Oifigeach Foirne, agus oibríonn Martin O'Rourke, Maoirseoir Cothabhála, mar chomhbhall foirne leis an Músaem agus an tSeirbhís Leabharlainne. Thosaigh Aisling O'Halloran ag oibriú le Comhairle Contae Cheatharlach i Lúnasa trí Chlár Fostaíochta Céimithe na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an GBRÁ) ar chonradh trí bliana. Rinneadh í a leithdháileadh ar an Músaem. Thosaigh Tomás Skinner ag oibriú leis an Músaem ar chonradh sé mhí mar Sheandálaí.



Bhí teacht ag an Músaem ar dhá phost lánaimseartha faoi Scéim Shóisialta Tús a chomhordaíonn Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach. Tá an post seo á roinnt le ceathrar daoine i rith na seachtaine. Chríochnaigh triúr rannpháirtithe Tús an Mhúsaeim, Bridget Flannery, Gerard Moore agus Thiru Thirukkumaran, a mbliain de rannpháirteachas sa scéim i mBealtaine. Tá ceathrar rannpháirtithe nua tagtha ina n-ionad, Claire Donnegan, Kevin Donohue, Brian Kelly agus John O'Neill.

Ar feadh mhí an Mheithimh, bhí Angelica Martin, mac léinn MA i Léann Músaeim in UCC, inár dteannta i gcaitheamh mhí an Mheithimh chun tabhairt faoin gcúrsa taithí oibre.

Oibrithe Deonacha an Mhúsaeim:

Chuir Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach a Dara ‘Oíche Dhámhachtainí Oibrithe Deonacha i gCuimhne ar Paddy Looney’ ar siúl in Óstán an Seven Oaks a bhí urraithe ag Unum. Rinneadh ionadaíocht d’eagraíochtaí éagsúla ón mbaile agus ón gcontae. D’ainmnigh an Músaeim Rod Murphy agus Kitty Courtney, a bhásaigh, a raibh obair dheonach á déanamh acu leis an Músaeim ar feadh go leor blianta. Ghlac a mhic, Kieran agus Niall, le dámhachtain Rod. Ghlac iníon Kitty, Tara, agus deirfiúr Kitty, Teresa, le dámhachtain Kitty. Chuir an dá theaghlach a mbuíochas in iúl as an dámhachtain. Bronnadh Dámhachtain Uachtarán IT Cheatharlach ar bheirt iaroibrithe deonacha leis an Músaeim, Oluwatosin Oluwabiyi-Felix agus Nujood Nasser Al Maqbaly, i ngeall ar an obair dheonach a rinne siad sa Mhúsaeim, Dé hAoine, an 2 Samhain. Dámhachtain bhliantúil é seo a chuireann an Coláiste ar fáil dá dhaltaí a chríochnaíonn méid áirithe uaireanta an chloig i mbun obair dheonach le heagraíocht(aí) lasmuigh den Choláiste.

Thit Cóisir Nollag Bhliantúil Oibrithe Deonacha an Mhúsaeim amach Dé Luain, an 10 Nollaig in Ionad Delta idir 4.00pm agus 6.00pm. Cuireann na dámhachtainí ár mbuíochas in iúl don iomaí oibrí deonach atá againn as an gcabhair a thug siad i gcaitheamh na bliana.



Ba iad na daoine a ghlac le dámhachtain Kitty Courtney (Ó chlé), a deirfiúr, Teresa, agus a hiníon, Tara.
Ba iad na daoine a ghlac le dámhachtain Rod Murphy (Ó chlé), a mhic, Niall agus Kieran.